FÓGRA ASLONNAITHE ÉIGEANDÁLA

1. FAISNÉIS

Comhlíonann foirgneamh na Cartlainne Náisiúnta, Sráid an Easpaig na caighdeáin is airde cosanta tine agus tá an foirgneamh ag teacht go hiomlán le ceanglais dhlíthiúla. Tá aisréadóirí agus soilsiú éigeandála feistithe ar fud an fhoirgnimh agus tá trí phríomhstaighrí aslonnaithe ann. Ba chóir do dhaoine iad féin a chur ar an eolas i dtaobh na bhfógraí aslonnaithe agus na bpleananna atá ar taispeáint i bpasáistí na n-ardaitheoirí agus sa Seomra Léitheoireachta.

2. ASLONNÚ ÓN SEOMRA LÉITHEOIREACHTA AR URLÁR

Má bhíonn tú sa Seomra Léitheoireachta nuair a bhuailtear an t-aláram téigh amach as an bhfoirgneamh láithreach agus lean an bealach éalaithe a thaispeánann an t-oifigeach i gceannas agus téigh chuig an Ionad Tionóil (féach 6 thíos).

Má bhíonn doiciméid á leamh agat fág ansin ar an mbord iad. Ná tabhair ar ais chuig an deasc foirne iad agus na tabhair doiciméid leat.

3. ASLONNÚ Ó ÁITEANNA POIBLÍ EILE AR URLÁR 5

Má bhíonn tú i bpasáiste an ardaitheora, i seomra thicéid na léitheoirí san áit feithimh nó sna leithris nuair a bhuailtear an t-aláram, téigh amach as an bhfoirgneamh láithreach tríd an mbealach amach is giorra nó an lean an bealach éalaithe a thaispeánann an t-oifigeach i gceannas, agus téigh chuig an Ionad Tionóil (féach 6 thíos).

4. NÁ BAIN ÚSÁID AS ARDAITHEOIRÍ

5. ASLONNÚ ÓN HALLA IONTRÁLA

Má bhíonn tú sa Halla Iontrála nuair a bhuailtear an t-aláram, téigh amach as an bhfoirgneamh láithreach tríd an bpríomhdhoras nó lean an bealach éalaithe a thaispeánann an t-oifigeach i gceannas, agus téigh chuig an Ionad Tionóil (féach 6 thíos).

Ná fan le hearraí pearsanta a bhailiú as na locair.

6. Ionad Tionóil agus Rolla

Tá Ionad Tionóil an tSeomra Léitheoireachta sa limistéar istigh de charrchlós Árasán Shráid an Easpaig ag an bhfál atá trasna na sráide agus ar chlé ó phríomhdhoras na Cartlainne Náisiúnta. Ba choir go bhfanfadh léitheoirí ansin go dtí go nglaoitear na hainmneacha sa leabhar tinrimh. Má imíonn tú gan d'ainm a bheith glaoite is féidir go mbeidh tú i do údar imní gan gá leis agus go gcuirfí daoine eile i gcontúirt.

7. GACH RUD GLAN

Ná déan iarracht dul isteach sa bhfoirgneamh arís go dtí go mbeidh GACH RUD GLAN fógartha.

8. GNÁTH-THÁSTÁIL AR NA CÓRAIS DHÓITEÁIN

Má bhíonn gnáth-thástáil ar na córais dhóiteáin agus ar na cloig aláraim ar siúl cuirfidh an t-oifigeach i gceannas an tSeomra Léitheoireachta in iúl duit roimhré. Ní gá an foirgneamh a fhágáil le linn na dtástálacha sin.

9. LÉITHEOIRÍ ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

Tá an Seomra Léitheoireachta suite ar an gCúigiú Urlár. Úsáidtear Cathaoireacha Evac+ chun léitheoirí nach bhfuil ar a gcumas siúl síos staighre a aslonnú. Tá oiliúint faighte ag an bhfoireann in úsáid Cathaoireacha Evac+.

Déanfaidh ball foirne teagmháil leat nuair a thagann tú isteach sa Chartlann Náisiúnta agus déanfaidh sé teagmháil arís leat i gcás éigeandála. Pléifear úsáid na cathaoireach leat sula bhfágann tú an bun urlár. Ta sé de chead agat diúltú an chathaoir a úsáid, ar ndóigh, ach sa chás sin ní cheadófar duit dul chuig an Seomra Léitheoireachta ar an gCúigiú Urlár.

I gcás éigeandála tabharfaidh beirt bhall foirne cabhair duit dul isteach sa Chathaoir Evac+ agus tabharfaidh siad anuas an príomh staighre, amach as an bhfoirgneamh tríd an Halla Iontrála agus chuig an Ionad Tionóil tú.